

Fógra maidir le tionscadal beartaithe de bhun Rialachán 42(13) de Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (maidir le hÉin agus Gnáthóga) 2011 I.R. Uimh. 477 de 2011), arna leasú.

I. Suíomh, cineál agus fairsinge an tionscadail bheartaithe

Is iad seo a leanas suíomh, cineál agus fairsinge an tionscadail bheartaithe; gníomhaíocht bheartaithe díshiolta ag Ionad Cóireála Uisce na Cloiche Chaisleán an Chomair, Na Leamháin, Co. Chill Chainnigh.

Tá tuilleadh sonraí maidir le cineál agus fairsinge an tionscadail bheartaithe ar fáil sa Ráiteas Tionchair Natura 'Gníomhaíocht díshiolta bheartaithe ag Ionad Cóireála Uisce na Cloiche Chaisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh' (Panther Ecology Ltd., 23/05/2024).

I. Na moltaí féideartha

Cinnfidh Uisce Éireann de bhun Rialachán 42(11) de Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (maidir le hÉin agus Gnáthóga) 2011 I.R. Uimh. 477 de 2011), arna leasú, agus de bhun Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh tionchar díobhálach ag an tionscadal beartaithe ar ardchaighdeán láithreán Eorpach.

II. Cén áit agus cén uair is féidir breathnú ar na cáipéisí

Is féidir breathnú ar Ráiteas Tionchair Natura agus ar léarscáil den tionscadal beartaithe ar líne ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann (<https://www.water.ie/about/appropriate-assessment-determination/appropriate-assessment/>). Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail bheartaithe a fheiceáil saor in aisce ach coinne a dhéanamh ag oifigí Uisce Éireann ag an seoladh seo a leanas:

Teach Colvill
24-26 Sráid Thalbóid
Baile Átha Cliath 1
D01 NP86,
Éire.

Is féidir coinní le haghaidh breathnaithe a eagrú trí scríobh chuig an seoladh poist thuas nó trí ríomhphost a sheoladh chuig: AAsubmissions@water.ie.

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal beartaithe a cheannach freisin ar tháille nach mó ná an costas réasúnta a ghabhann le rud den sórt sin a chur ar fáil. Is féidir iarrataí ar chóipeanna crua a cheannach a dhéanamh chuig an seoladh ríomhphost agus an seoladh poist thuas.

III. Féadfaidh duine aighneachtaí nó breathnóireachtaí a dhéanamh leis an údarás poiblí laistigh den achar ama a leagtar amach san fhógra

Féadfaidh an pobal aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an tionscadal atá beartaithe a dhéanamh chuig Uisce Éireann ón 27/05/2024 go 05/07/2024. Is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh ríomhphost seo a leanas: AAsubmissions@water.ie. Nó is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí a sheoladh tríd an bpost chuig:

Bainisteoir Comhshaoil agus Éiceolaíochta,
Teach Colvill
24-26 Sráid Thalbóid
Baile Átha Cliath 1
D01 NP86,
Éire.

IV. Aon sonraí eile maidir le rannpháirtíocht an phobail

Beidh aird ag Uisce Éireann ar aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar ón bpobal. Déanfar sonraí pearsanta atá in aighneachtaí nó breathnóireachtaí a phróiseáil de réir Fhógra Príobháideachta UÉ atá ar fáil ag <https://www.water.ie/privacy-notice>. Is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí a phasáil chuig ár gcuid soláthraithe seirbhíse tríú páirtí lena n-anailísiú, lena mbreithniú agus lena bhfreagairt. D'fhéadfaí anailís, breithniú agus freagairt den sórt sin a thaifead.

V. Aon eolas eile a mheasann an t-údarás poiblí a bheith ábhartha

D'fhéadfadh roinnt faisnéise atá laistigh den Ráiteas Tionchair Natura a bheith ina baol i ndáil le caomhnú speiceas nó gnáthóga cosanta, má chuirtear ar fáil í go poiblí. Ar an gcúis sin agus nuair is infheidhme, foláíodh an fhaisnéis sin. Nuair is infheidhme, foláíodh sonraí pearsanta freisin de bhun cheanglais an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Dáta: 27/05/2024